

Fáilte

Fáilte chuig an gcéad eagrán in 2022 de Nuachtlitir Mhatamaitice SSM. Ón eagrán deireanach, bhí an-áthas ar fhoireann Mhatamaitice SSM bualadh le breis agus 1,000 múinteoir ar fud na tíre i mí Mheán Fómhair agus iad ag plé le ceardlann FGL a sceidealadh in athuir. San eagrán seo roinnimid cuid de bhuaicphointí ár gcuasaigh agus ár gcláir roghnaigh FGL. I mí Eanáir 2022, thosaigh muid ag bualadh le múinteoirí don chúigiú cnuaslá FGL Matamaitice na Sraithe Sóisearaí. Is é seo an dara cnuaslá a éascaíodh ar líne agus a thugann deis do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas i réimsí an mheasúnaithe leanúnaigh, an aiseolais fhoirmithigh, na bpríomhscileanna agus meon dearfach a chur chun cinn i measc scoláirí faoin Matamaitic.

Seimineáir Ghreasáin

Ag plé le DESMOS

Is uirlis bhogearraí digiteacha saor in aisce é DESMOS ar féidir rochtain a fháil uirthi ó aon bhrabhsálaí gréasáin. Tá gné ghrafa ag DESMOS freisin a cheadaíonn léirshamhlú agus ionramháil éasca ar fheidhmeanna agus leabharlann de ghníomhaíochtaí seomra ranga réidh le húsáid ionas gur féidir le scoláirí a gcuid eolais a chur i bhfeidhm agus a dtuiscint a fhorbairt. Soláthraíonn na bogearraí seo deiseanna do scoláirí iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar choincheapa agus comhoibriú lena gcomhghleacaithe ar réiteach fadhbanna. D'éascaigh Dan Meyer, Príomhoifigeach Acadúil le DESMOS.com, ceardlann mhatamaitice SSM trí imeacht fíorúil seimineár gréasáin. Leagadh béim sa seimineár gréasáin ar an bhféidearthacht atá ann oideolaíocht agus teicneolaíochtaí san fhoghlaim dhigiteach a leabú. Is féidir teacht ar thaifeadadh den seimineár gréasáin sin [anseo](#).



Desmos do Mhatamaitic na Sraithe Sóiseara i: DESMOS a úsáid chun Foghlaim scoláirí a Dhoimhniú

I mí Dheireadh Fómhair 2021, threoraigh Foireann Mhatamaitice SSM ar líne ceardlann eile ar Desmos. Ghlac múinteoirí páirt idirghníomhach i dtrí ghníomhaíocht tríd an seimineár gréasáin a leanúint. Taispeánadh comhéadan de chuid an DESMOS ó thaobh an scoláire de agus ó thaobh an mhúinteora de. Léiríthe ar ghníomhaíochtaí agus ar an gcaoi ar féidir iad a chur in oiriúint do ranganna aonair. Chun DESMOS a iniúchadh, is féidir teacht ar thaifeadadh den seimineár gréasáin [anseo](#).



Ceisteanna a Chur



Chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt don phlé maidir le fadhbanna a thabhairt i Matamaitic na Sraithe Sóisearaí, bhí painéal múinteoirí in éineacht le foireann Mhatamaitice SSM i seimineár gréasáin beo inar roinn siad a dtaití agus a gcomhairle maidir le cabhrú le scoláirí ina measúnú rangbhunaithe. Tosaíonn an seimineár gréasáin le blaiseadh de straitéisí féideartha maidir le ceisteanna a chur agus foirmlí fadhbanna ón FGL idirghníomhach atá le fáil [anseo](#). Mar chuid den phlé painéil luaitear pleanáil mar roinn i dtaca le ceisteanna a chur, cabhrú le scoláirí ceisteanna a chur agus ceisteanna a fhorbairt agus a bheachtú lena n-íniúchadh le scoláirí. Is féidir leat an seimineár gréasáin a rochtain [anseo](#).

Ceardlanna Roghnacha




Imeacht Roghnach Ceacht Beo

D'óstáil Foireann Mhatamaitice SSM ceardlann idirghníomhach a raibh sé mar aidhm aige straitéisí teagaisc agus foghlama a fhorbairt i Matamaitic na Sraithe Sóisearaí trí thascanna matamaiticiúla agus dearadh ceachta a scrúdú.

Bhí an cheardlann bunaithe ar eispéireas ceacht beo, a thug deis do mhúinteoirí an plean ceachta a chur i bhfeidhm i bhfíor-am.

Múinteoirí nua agus múinteoirí atá ag fillleadh ar Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí

Bhí an-áthas ar Fhoireann Mhatamaitice SSM FGL pearsanta a reáchtáil i roinnt ionaid oideachais ar fud na tíre i mí na Samhna 2021. Thug an FGL sin forléargas ar shonraíocht Mhatamaitice na Sraithe Sóisearaí a bhfuil an gCreat don tSraith Shóisearach (2015) mar bhonn agus mar thaca aige, cur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe agus an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú a ailíniú. Chuir an seisiún roghnach deiseanna ar fáil freisin chun obair na scoláirí a mheas, comhoibriú agus páirt a ghlacadh in idirphlé gairmiúil agus i seisiún ceisteanna agus freagraí. Cuireadh acmhainní agus tacaí ar fáil do mhúinteoirí le húsáid i seomra Matamaitice na Sraithe Sóisearaí freisin.



Tacaí don Dara hÁbhar Teagaisc 2020-2021

Tá gach ábhar don FGL 2020-2021 ar fáil ar láithreán gréasáin SSM lena n-áirítear sleamhnáin, leabhrán agus acmhainní. Rinneadh athstruchtúru ar na hábhair chun cabhrú le rannpháirtíocht fhéintreoraithe ar líne agus is féidir teacht orthu sin [anseo](#).

Sraith de Phodchraoltaí Matamaitice SSM, Tadhlaith, leanann siad ar aghaidh

Sraith podchraoltaí de chuid Fhoireann Mhatamaitice SSM is ea Tadhlaith atá ar fáil ar an gcainéal podchraoltaí Cainteanna na Sraithe Sóisearaí.



Episode 7

Is múinteoir Mata agus Eolaíochta é Fergal Máirtín i nGaelcholáiste Cheatharlach. Déanann sé iarracht atmaisféar ranga a chruthú a chothaíonn meon dearfach i leith na matamaitice, ina bhfáiltítear roimh bhotúin agus ina spreagtar cruthaitheacht na ndaltaí. Úsáideann sé teicneolaíocht agus físeáin le tacú le foghlaim na ndaltaí sa rang agus lasmuigh den rang. Is féidir leat teacht ar an leabhrán [anseo](#).



Episode 8

Bhuail muid leis an Dr Niamh O' Meara, Léachtóir le hOideachas Matamaitice atá lonnaithe in EPiSTEM, an t-ionad náisiúnta d'oideachas STEM atá lonnaithe i Scoil an Oideachais in Ollscoil Luimnigh. Sa phodchraoladh seo, pléimid forbairt líofacht ghnásúil agus tuiscint choincheapúil i scoláirí matamaitice iar-bhunscoile agus ról an mhúinteora agus iad ag tacú le scoláirí san aistriú ón mbunoideachas go dtí an t-iarbhunoideachas. Is féidir éisteacht leis an bpodchraoladh [anseo](#) nó cuardaigh Cainteanna na Sraithe Sóisearaí: Tadhlaith ar SoundCloud, Spotify, Apple Podcasts nó áit ar bith a n-éisteanntú le do phodchraoltaí.

Fan i dteagmháil

Tá iliomad bealaí le fanacht i dteagmháil le Foireann Mhatamaitice SSM:

1. Cláraigh ar ár [liosta seoltaí](#)
2. Lean muid ar Twitter [@JctMaths](#)
3. Téigh ar cuairt chuig an leathanach gréasáin https://jct.ie/leangangaeilge/maths/maths_ga

Le dea-mhéin,

Foireann Mhatamaitice SSM

